BREXIT AND YOU

Make sure you're prepared.

GETTING IRELAND BREXIT READY

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C106401

The UK is due to leave the European Union.

The decision of the UK to leave the EU will result in some changes, in Ireland and for the EU, which we are preparing for.

While there is still a lot of uncertainty, it's important for everyone to be aware of what Brexit may mean for your daily life.

Go to gov.ie/brexit

There is a single Government website capturing all the key information you need to know about Brexit.

Whether you're a concerned citizen, resident or business, go to **gov.ie/brexit**

There you can find out about:

- How Brexit may affect your daily life
- Travelling & visiting the UK
- Living & working in the UK
- Studying in the UK
- Legal matters & rights

The Common Travel Area

You may hear a lot about what is known as the Common Travel Area.

Under the Common Travel Area, Irish and British citizens can move freely and reside in either jurisdiction and enjoy associated rights and privileges. These include the right to live and work as well as access to healthcare, education, social benefits, and the right to vote in certain elections.

Thanks to the Common Travel Area and the rights it gives to Irish and British citizens, living, working and travelling between Ireland and the UK isn't going to change a lot.

For all your Brexit questions go to gov.ie/brexit

Northern Ireland

Avoiding the return of a hard border on this island is a Government priority in all circumstances.

The best way to achieve this is through the negotiated EU-UK withdrawal agreement. Without that agreement, avoiding a hard border is more challenging and requires detailed discussions between Ireland and the EU and, ultimately, with the UK. In that scenario the outcome, including practical arrangements for citizens and businesses, will be made public as soon as possible.

Irish citizens will continue to have EU citizenship wherever they live. They will continue to enjoy the right to travel and live and work anywhere in the EU and have EU protection against discrimination. Irish citizens do not need to take any action to protect their EU citizenship.

Irish citizens and British citizens do not have to take any action to protect their status and rights associated with the Common Travel Area.

How to stay up to date

The decision of the UK to leave the EU has an impact on a vast range of areas. It's a decision that will result in a lot of things changing, not just here in Ireland but for all of our EU partners.

So to keep up to date on the latest news:

Sign up for the Brexit Update Newsletter

Sign up on **gov.ie/brexit** to receive regular information on Brexit by email.

Follow Getting Ireland Brexit Ready on Twitter

@BrexitReadyIRL is the main Government Twitter account for the latest Brexit news.

Check out the latest information on gov.ie/brexit

For regular updates on Brexit, see **gov.ie/brexit**

Know what the EU is doing to prepare

In some areas, we are taking decisions jointly with our EU partners. The latest EU information at: **https://ec.europa.eu/info/brexit/brexit-preparedness_en**

BREXIT AGUS TUSA

Bí cinnte go bhfuil tú réidh.

GETTING IRELAND BREXIT READY

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C106401

Tá an Ríocht Aontaithe ar tí imeacht as an Aontas Eorpach.

Beidh roinnt athruithe, a bhfuilimid ag ullmhú dóibh, mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil, anseo in Éirinn agus i measc ár gcomhpháirtithe san AE, chomh maith.

Cé go bhfuil go leor éiginnteachta ann go fóill, is tábhachtach go mbíonn cur amach ag gach duine ar an méid a d'fhéadfadh bheith i gceist le Brexit i dtaobh do shaoil laethúil.

Téigh chuig gov.ie/brexit

Tá suíomh gréasáin amháin ag an Rialtas ar a bhfuil an fhaisnéis thábhachtach go léir a chaithfidh a bheith ar eolas agat le bheith réidh don Ríocht Aontaithe chun an tAontas Eorpach a fhágáil.

Is cuma más gnó thú nó saoránach nó áitritheoir a bhfuil imní air, téigh chuig **gov.ie/brexit**

Ansin gheobhaidh tú amach faoi na rudaí seo a leanas:

- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar do shaol
- A bheith ag taisteal sa Ríocht Aontaithe agus cuairt a thabhairt uirthi
- Ag cónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe
- A bheith i mbun staidéir sa Ríocht Aontaithe
- Cúrsaí dlí agus cearta.

An Comhlimistéar Taistil

Seans go gcloisfidh tú a lán faoin 'gComhlimistéar Taistil'.

Faoin gComhlimistéar Taistil, bogann saoránaigh na hÉireann agus na Breataine gan aon bhac i gceachtar dlínse agus baineann siad leas as cearta agus pribhléidí gaolmhara lena n-áirítear an ceart chun cónaí agus oibriú sa tír mar aon le rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas, ar shochair shóisialta, agus an ceart vóta a chaitheamh i dtoghcháin áirithe.

De bharr an gComhlimistéar Taistil agus na cearta a thugann sé do shaoránaigh na hÉireann agus na Breataine, ní thiocfaidh athrú mór ar a bheith ag cónaí, ag obair agus ag taisteal idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig gov.ie/brexit

Tuaisceart Éireann

Is tosaíocht don Rialtas é i ngach uile cás teorainn chrua a sheachaint ar an oileán seo. An bealach is fearr chun é sin a bhaint amach is ea an comhaontú aistarraingthe idir an AE-RA a bheidh idirbheartaithe. D'uireasa an chomhaontaithe sin, beidh sé níos dúshlánaí teorainn chrua a sheachaint agus beidh gá le plé níos sonraithe idir Éire agus an AE agus, sa deireadh thiar, leis an Ríocht Aontaithe. Sa chás sin, cuirfear an toradh, lena n-áirítear socruithe praiticiúla do shaoránaigh, go háirithe iad sin atá ina gcónaí i limistéar na teorann, ar fáil go poiblí chomh luath agus is féidir.

Leanfaidh saoránaigh Éireannacha le saoránacht an AE a bheith acu pé áit a gcónaíonn siad. Leanfaidh siad le taitneamh a bhaint as an gceart chun taisteal agus cónaí agus oibriú áit ar bith san AE agus cosaint an AE a bheith acu in aghaidh idirdhealú. Ní gá do shaoránaigh Éireannacha dul i mbun aon ghnímh chun a saoránacht AE a chosaint.

Mar gheall ar an gComhlimistéar Taistil agus gnéithe eile den chomhoibriú Thuaidh-Theas, coinneofar rochtain thrasteorann ar sheirbhísí cosúil le sláinte agus oideachas.

Bí ar an eolas i gcónaí

Tá tionchar ag an gcinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil ar raon leathan réimsí. Tá go leor leor rudaí ag athrú de bharr an chinnidh, anseo in Éirinn agus dár gcomhpháirtithe uile san Aontas Eorpach. Mar sin bí ar an eolas maidir leis an nuacht is déanaí:

Cláraigh don Nuachtlitir leis an Scéal is Déanaí ar Brexit

Cláraigh ar **gov.ie/brexit** dá mba mhaith leat faisnéis rialta faoi Brexit a fháil ar ríomhphost.

Lean 'Getting Ireland Brexit Ready' ar Twitter

Is é **@BrexitReadyIRL** príomhchuntas Twitter an Rialtais don nuacht is déanaí maidir leis Brexit.

Féach arís ar gov.ie/brexit

Féach ar an suíomh go rialta toisc go dtugtar faisnéis chun dáta go minic.

An fios duit an méid atá á dhéanamh ag an AE le hullmhú?

Tá roinnt cinntí maidir leis Brexit a ghlacaimid lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach. Beidh sé áisiúil agat freisin féachaint ar a suíomh gréasáin chun an fhaisnéis is déanaí a fháil: **https://ec.europa.eu/info/brexit/brexit-preparedness_en**